V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# GNÍOMHAIREACHT TACAÍOCHTA BEREC

**Folúntas le haghaidh fheidhm an Stiúrthóra**

**(Gníomhaire Sealadach — Grád AD 14)**

**BEREC/2023/01**

(2023/C 226 A/01)

| | |
|---|---|
| **Cineál conartha:** | Gníomhaire Sealadach 2(a) |
| **Feidhmghrúpa agus grád:** | AD 14 |
| **Fad an chonartha** | 5 bliana (agus an fhéidearthacht ann síneadh a chur leis) |
| **Áit fostaíochta:** | Ríge, an Laitvia |
| **Ard-Stiúrthóireacht na Comhpháirtíochta:** | DG CONNECT – Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta |
| **Spriocdháta le haghaidh iarratas:** | **18.8.2023 ar 12:00 (meán lae), am na Bruiséile** |

**Iarrtar iarratais ar an bhfolúntas le haghaidh fheidhm an Stiúrthóra i nGníomhaireacht Tacaíochta BEREC.**

1. **Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC ("Oifig BEREC", "an Ghníomhaireacht")**

Bunaíodh Oifig BEREC chun tacaíocht riaracháin agus ghairmiúil a chur ar fáil do BEREC, Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach. Tá Oifig BEREC lonnaithe i Ríge na Laitvia.

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1971 ([1]) is ea Oifig BEREC arna bainistiú ag Stiúrthóir faoi mhaoirseacht Bord Bainistíochta ar a bhfuil ceannairí údaráis rialála náisiúnta an Aontais Eorpaigh (ÚRNanna) atá i gceannas ar fhaireachán ar na margaí teileachumarsáide agus ionadaí ón gCoimisiún Eorpach.

Tá Oifig BEREC freagrach, go háirithe, as faisnéis a bhailiú ó ÚNRanna agus as faisnéis a mhalartú agus a chur in iúl maidir le ról agus cúraimí BEREC, as dea-chleachtas rialála a scaipeadh i measc ÚNRanna, as cúnamh a thabhairt do Chathaoirleach Bhord Rialálaithe BEREC agus a chuid oibre á hullmhú aige, agus as tacaíocht a chur ar bun agus a chur ar fáil do mheithleacha saineolaithe.

Tá feidhm maidir le foireann Oifig BEREC ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus ag na rialacha arna nglacadh go comhpháirteach ag institiúidí an Aontais Eorpaigh chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta sin a chur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009; (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar shuíomh gréasáin BEREC: www.berec.europa.eu.

2. **An post**

Beidh an Stiúrthóir freagrach as bheith i gceannas ar Oifig BEREC agus glacfaidh sé freagracht fhoriomlán as an obair laethúil is gá chun tacaíocht ghairmiúil agus riaracháin a chur ar fáil do BEREC.

Is iad tosaíochtaí straitéiseacha BEREC nascacht iomlán a chur chun cinn, tacú le margaí digiteacha inbhuanaithe agus oscailte agus úsáideoirí deiridh a chumhachtú. Spreagfaidh Stiúrthóir Oifig BEREC tosaíocht a thabhairt d'obair a chuirfidh feabhas ar na dálaí chun líonraí ardtoillte slána, iomaíocha agus iontaofa a leathnú agus a ghlacadh ar fud na hEorpa.

Éascóidh an Stiúrthóir sruthanna oibre BEREC lena bhfiosrófar coinníollacha agus lena dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthraithe seirbhíse digití agus úsáideoirí deiridh sna margaí digiteacha, agus tacóidh sé leis an obair chun rogha agus cumhachtú a chur chun cinn d'úsáideoirí deiridh.

Is é an Stiúrthóir ionadaí dlíthiúil Oifig BEREC. Beidh sé/sí i gceannas ar bhainistiú riaracháin Oifig BEREC agus déanfaidh sé/sí idirchaidreamh agus comhordú le hobair BEREC.

Cuirfidh sé a chuid cúraimí i gcrích go neamhspleách agus beidh sé freagrach don Bhord Bainistíochta. De réir Rialachán (AE) 2018/1971, beidh an Stiúrthóir freagrach as cúraimí Oifig BEREC a chur chun feidhme agus de réir na treorach a chuirfidh Bord Rialálaithe BEREC agus Bord Bainistíochta Oifig BEREC ar fáil. Beidh an Stiúrthóir freagrach go háirithe as an méid seo a leanas:

a) riarachán laethúil Oifig BEREC;

b) cinntí riaracháin arna nglacadh ag an mBord Rialálaithe agus ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme;

c) an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1971 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta;

d) cúnamh a thabhairt don bhord rialálaithe tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí BEREC dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2018/1971 a ullmhú;

e) cúnamh a thabhairt don bhord rialálaithe clár oibre bliantúil BEREC dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1971 a ullmhú;

f) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme, agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;

g) an dréacht-tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí Oifig BEREC dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2018/1971 a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;

h) plean gníomhaíochta a ullmhú tar éis chonclúidí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, mar aon le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn don Bhord Bainistíochta uair sa bhliain ar a laghad;

i) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha in aghaidh calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chur i bhfeidhm, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, lena n-áirítear pionóis airgeadais;

j) straitéis frithchalaoise le haghaidh Oifig BEREC a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena formheas;

k) dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir le hOifig BEREC a ullmhú;

l) dréachtráiteas Oifig BEREC ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a buiséad a chur chun feidhme;

m) buiséad Oifig BEREC a chur chun feidhme (e.g. gníomhú mar oifigeach údarúcháin) agus cuntasacht agus freagracht a fheidhmiú i leith an údaráis um urscaoileadh;

n) lena n-údaraítear, in éineacht leis an mBord Rialálaithe, tabhairt i gcrích socruithe oibre le comhlachtaí inniúla, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha de chuid an Aontais agus le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1971;

o) gníomhú mar údarás ceapacháin agus mar údarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile bunaithe ar tharmligean cumhachtaí ag an mBord Bainistíochta.

Tabharfaidh an Stiúrthóir cúnamh do Chathaoirleach an Bhoird Rialálaithe agus do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus cruinnithe a gcomhlachtaí faoi seach á n-ullmhú acu.

Déanfaidh an Stiúrthóir, faoi mhaoirseacht an Bhoird Bainistíochta, na bearta is gá, go háirithe maidir le treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun feidhmiú Oifig BEREC a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1971.

Cinnfidh an Stiúrthóir, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ó na Ballstáit lena mbaineann, an gá, chun cúraimí Oifig BEREC a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, ball foirne amháin nó níos mó a lonnú i mBallstát amháin nó níos mó.

Táthar ag súil go n-oibreoidh an Stiúrthóir go lánaimseartha i suíomh Oifig BEREC i Ríge na Laitvia.

Is féidir le misin lasmuigh den áit fostaíochta a bheith mar chuid den phost minic go leor.

Is i mBéarla den chuid is mó a chuirfear na cúraimí agus na freagrachtaí thuas i gcrích.

## 3. **Critéir incháilitheachta**

Ní dhéanfar iarrthóirí a mheas don chéim roghnúcháin ach amháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin spriocdháta le hiarratais a chur isteach**:

3.1. *Náisiúntacht*: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

3.2. *Céim ollscoile nó dioplóma*: ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a bheith acu:

a. leibhéal oideachais a bheith aige/aici a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

b. nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil chuí 1 bhliana ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an taithí ghairmiúil aon bhliana sin a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime atá riachtanach thíos).

3.3. *Taithí ghairmiúil*: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana [2] ar a laghad a bheith acu ar leibhéal lena dtugann na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas iontráil. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil sin a bheith gnóthaithe i réimse ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

3.4. *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith gnóthaithe i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil [3] i réimse atá ábhartha don phost seo.

3.5. *Teangacha*: ní mór d'iarrthóirí eolas críochnúil a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh [4] agus eolas sásúil ar an mBéarla [5]. Deimhneoidh painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin (cuid den) agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

---

(2) Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más fíorchaidreamh oibre é a shainítear mar fhíorobair a raibh luach saothair ag dul leis mar fhostaí (cineál ar bith conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Déanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a shaothraítear go páirtaimseartha a ríomh *pro rata* ar bhonn an chéatadáin dheimhnithe d'uaireanta oibre lánaimseartha oibrithe. Cuirtear saoire mháithreachais/saoire thuismitheoireachta/saoire le haghaidh uchtála san áireamh má tá sí faoi chuimsiú conartha oibre. Comhshamhlaítear PhDanna le taithí ghairmiúil, fiú nuair a bhíonn siad gan phá, ach ar feadh uastréimhse trí bliana, ar choinníoll go gcuirtear an PhD i gcrích go rathúil. Ní fhéadfar tréimhse áirithe a chomhaireamh ach aon uair amháin.

(3) Ina gcuraclam vitae, ba chóir d'iarrthóirí a léiriú go soiléir na blianta go léir inar gnóthaíodh taithí bhainistíochta: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta arna sealbhú; (2) líon na mball foirne a ndearnadh maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad arna mbainistiú; (4) líon na sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun agus (5) líon na bpiaraí.

(4) IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58. Téacs comhdhúilte: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701

(5) Leibhéal C1 nó níos airde de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). Mar a bunaíodh i gCinneadh MC/2016/02 ó Choiste Bainistíochta Oifig BEREC, is é Béarla teanga oibre Oifig BEREC.

3.6. *Teorainn aoise*: ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ag an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, an sainordú iomlán 5 bliana a chur i gcrích sula mbainfidh siad aois scoir amach. Maidir le baill foirne sealadacha de chuid an Aontais Eorpaigh, déantar an aois scoir a shainmhíniú mar dheireadh na míosa ina mbaineann an duine 66 bliain d'aois amach (féach ar Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([6])).

## 4. **Critéir roghnúcháin**

Má chomhlíontar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach sa roinn "Critéir incháilitheachta", déanfar CVanna agus litreacha inspreagtha na n-iarrthóirí a mheas ar bhonn na gcritéar roghnúcháin thíos.

Tabharfar cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is oiriúnaí.

Nuair a bheidh an fhoirm iarratais á líonadh isteach ag iarrthóirí, táthar ag súil go gcuirfidh siad eilimintí san áireamh a léiríonn go bhfuil a bpróifíl ag teacht leis na riachtanais thíos:

4.1. *Scileanna bainistíochta:*

4.1.1. Cumas agus taithí ar fhoireann a threorú agus a spreagadh i dtimpeallacht Eorpach, ilchultúrtha agus ilteangach;

4.1.2. Taithí ar bhainistíocht bhuiséid, airgeadais agus acmhainní daonna i gcomhthéacs náisiúnta, Eorpach agus/nó idirnáisiúnta;

4.1.3. Cumas cruthaithe i mbainistiú forbairt beartais/straitéise agus saincheisteanna riaracháin araon.

4.2. *Sainscileanna agus taithí:*

4.2.1. Eolas an-mhaith ar bheartas agus ar chleachtas rialála atá ábhartha do réimse na cumarsáide leictreonaí agus taithí na ceannaireachta sa réimse seo;

4.2.2. Tuiscint chríochnúil ar institiúidí AE agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus a n-idirghníomhaíonn siad, agus ar bheartais AE agus ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta atá ábhartha do ghníomhaíochtaí BEREC. Bheadh taithí roimhe seo le hinstitiúidí an AE nó le gníomhaireachtaí AE ina bhuntáiste;

4.2.3. Tuiscint chríochnúil ar institiúidí AE agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus a n-idirghníomhaíonn siad, agus ar bheartais an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta atá ábhartha do ghníomhaíochtaí BEREC. Bheadh taithí a fuarthas in NRA ina buntáiste.

4.3. *Tréithe pearsanta:*

4.3.1. An cumas cumarsáid líofa agus éifeachtúil a dhéanamh leis na hinstitiúidí Eorpacha, leis an bpobal agus comhoibriú le geallsealbhóirí (údaráis Eorpacha, idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla, eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.) chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht i bhfóraim idirnáisiúnta;

4.3.2. Sárscileanna idirphearsanta, cinnteoireachta, eagrúcháin agus idirbheartaíochta chomh maith leis an gcumas caidreamh oibre iontaofa a chothú le geallsealbhóirí atá ábhartha don Ghníomhaireacht.

## 5. **Céimeanna sa nós imeachta roghnúcháin**

Roghnóidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir tar éis measúnú a dhéanamh ar a fhiúntas nó ar a oiriúnacht don phost, bunaithe ar na critéir atá leagtha amach thuas. Tá an nós imeachta roghnúcháin leagtha síos in Iarscríbhinn 5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Bainistíochta (MB (19) 95 Rev.1 ([7])).

Cuireann an Bord Bainistíochta Coiste Roghnúcháin ar bun. Déanfaidh an Coiste seo **measúnú comparáideach ar gach iarratas incháilithe**, agus sainaithneoidh sé roinnt iarrthóirí is mó a oireann do na critéir roghnúcháin atá liostaithe thuas. Tabharfar cuireadh chun agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin do na hiarrthóirí sin.

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin de réir na gcéimeanna seo a leanas:

5.1. *Cead isteach sa nós imeachta roghnúcháin*

Tar éis an spriocdháta le haghaidh iarratas, déanfar na hiarratais chomhlánaithe a cuireadh isteach (CVanna agus litreacha inspreagtha) a sheiceáil in aghaidh na gcritéar incháilitheachta. Ní dhéanfar measúnú ach ar iarratais incháilithe de réir na gcritéar roghnúcháin.

([6]) IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62 Téacs comhdhúilte https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

([7]) https://berec.europa.eu/en/document-categories/berec-office/rules-of-procedure/rules-of-procedure-of-the-management-board-of-the-berec-office-0

5.2. *Measúnú ar iarratais incháilithe*

Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar litreacha inspreagtha agus ar CVanna na n-iarratasóirí incháilithe maidir leis na heilimintí a luaitear i roinn na gcritéar roghnúcháin.

5.3. *Agallamh*

Tar éis dó measúnú na n-iarratas incháilithe a chríochnú, tabharfaidh an coiste roghnúcháin cuireadh do na hiarrthóirí is oiriúnaí chuig an gcéad bhabhta agallaimh.

Nuair a bheidh an chéad bhabhta agallamh curtha i gcrích, cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí do phost an Stiúrthóra ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta cuireadh do na hiarrthóirí ansin chuig an dara babhta agallamh.

Socrófar ábhar na gceisteanna a chuirfear le linn na n-agallamh de réir leibhéal agus phróifíl an phoist a fhógrófar.

D’fhéadfaí go mbeadh ar iarrthóirí tabhairt faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis ar an méid thuasluaite. Sula ndéanfar an ceapachán, iarrfar ar an iarrthóir a roghnóidh an Bord Bainistíochta ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste a fhreagairt.

5.4. *Praiticiúlachtaí eile*

Ba cheart go mbeadh deimhniú bailí imréitigh slándála ag an iarrthóir a roghnófar, nó go mbeadh sé/sí in ann deimhniú bailí imréitigh slándála a fháil óna údarás slándála náisiúnta. Is éard is imréiteach slándála pearsanta ann cinneadh riaracháin tar éis scagadh slándála arna dhéanamh ag údarás slándála náisiúnta inniúil an duine aonair i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin slándála náisiúnta is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas go dtí leibhéal sonraithe. (Tabhair do d’aire gur féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá chun imréiteach slándála a fháil ar iarratas ón bhfostóir amháin, seachas ón iarrthóir aonair).

Go dtí go mbeidh an t-imréiteach slándála pearsanta deonaithe ag an mBallstát lena mbaineann agus go mbeidh an nós imeachta imréitigh curtha i gcrích leis an bhfaisnéisiú is gá de réir dlí ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin Eorpaigh, ní bheidh an t-iarrthóir in ann rochtain a fháil ar Fhaisnéis Rúnaicmithe AE (FRAE) ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin.

6. **Doiciméid a fhíorú agus grinnscrúdú**

Déanfar an fhaisnéis a thug na hiarrthóirí a n-éireoidh leo in iarratais na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo a sheiceáil i gcomparáid leis na doiciméid tacaíochta chun a chinntiú go bhfuil siad cruinn agus incháilithe.

Más rud é go bhfaightear amach, ag céim ar bith den nós imeachta, gur falsaíodh an fhaisnéis a tugadh in iarratas go feasach, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

Dícháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

— nach gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir;

— nach soláthróidh siad na doiciméid tacaíochta uile is gá, lena n-áirítear chun bunús a thabhairt leis na fíricí agus leis na ráitis ina n-iarratais.

7. **Coinníollacha fostaíochta**

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Ceapfaidh an Bord Bainistíochta sealbhóir poist mar ghníomhaire sealadach 2a ar ghrád AD 14 ([8]) de bhun Airteagal 2a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse cúig bliana, agus féadfar síneadh 5 bliana ar a mhéad a chur leis i gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear an ghníomhaireacht de réir mar is infheidhme tráth an cheapacháin.

Rangófar é/í i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a dtaithí oibre roimhe sin.

Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Is í Ríge na Laitvia an áit fostaíochta.

Beidh an post le líonadh ón 1 Aibreán 2024.

Ní rachaidh an tréimhse fostaíochta thar shaolré Oifig BEREC i gcás ar bith.

([8]) Tá an chomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh socraithe ag 85,9 % amhail ón 1 Iúil 2022. Tá an chomhéifeacht sin faoi réir athbhreithniú bliantúil.

## 8. **Nós imeachta iarratais**

8.1. *Iarratais*

Sula gcuirtear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach cé acu an gcomhlíontar gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ("Ní mór d'iarrthóirí") nó nach gcomhlíontar, go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch ata ag teastáil. Mura gcomhlíonann iarrthóir ceann ar bith de na riachtanais incháilitheachta, eisiafar é/í go huathoibríoch ón nós imeachta roghnúcháin.

Dá mba mhaith leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an Idirlíon ar an láithreán gréasáin seo a leanas agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an nós imeachta a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den nós imeachta. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas le do thoil faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass ([9]) más féidir, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Féadfaidh tú do CV agus do litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is ar mhaithe leatsa a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú post leictreonach a dheimhníonn gur cláraíodh d'iarratas. Mura bhfaigheann tú post leictreonach deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!

Tabhair do d'aire le do thoil nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar ar bhealach ar bith eile. Má tá tuilleadh eolais uait agus/nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:

HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Tá sé de dhualgas ort do chlárúchán ar líne a chomhlánú in am. Moltar go mór duit gan fanacht go dtí na laethanta deireanacha chun d'iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom Idirlín nó fabht sa nasc Idirlín a bheith ina gcúis le deireadh a bheith curtha leis an gclárúchán ar líne sula ndéanann tú é a chomhlánú, agus sa chás sin bheadh dualgas ort an próiseas iomlán a athdhéanamh. Nuair a bheidh an spriocdháta le clárúcháin a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann sonraí ar bith a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

8.2. *Spriocdháta d'iarratais*

Is é **an 18 Lúnasa 2023 ag 12:00 (meán lae) am na Bruiséile** an spriocdháta le clárú, agus ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

8.3. *Amchlár neasaithe*

D'fhéadfaí go mairfeadh an próiseas roghnúcháin roinnt míonna.

## 9. **Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Sula nglacann sé/sí a c(h)uid freagrachtaí, ceanglófar ar an Stiúrthóir dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici chun gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfadh a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

## 10. **Eolas tábhachtach eile**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór aon cheist a chur chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann chuig an seoladh seo a leanas CNECT-HR-CORRESPONDENT@ec.europa.eu.

([9]) Is féidir leat teacht ar eolas faoin gcaoi le do CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv

11. **Comhdheiseanna**

Saothraíonn an Ghníomhaireacht cuspóir straitéiseach chun comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a sainordaithe reatha agus cuireann sí beartas comhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne lena ([10]) spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

12. **Sonraí pearsanta a chosaint**

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

13. **Éagsúlacht agus Cuimsiú**

Aithníonn an Ghníomhaireacht gur gné thábhachtach í cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil do go leor daoine agus go bhfuiltear ag súil níos mó agus níos mó go mbeidh obair sholúbtha mar chuid de thimpeallacht oibre nua-aimseartha.

Mar fhostóir, tá an Ghníomhaireacht tiomanta do chomhionannas inscne a áirithiú agus d'idirdhealú ar aon fhoras a chosc. Is díol sásaimh di go gníomhach iarratais ó gach iarrthóir cáilithe ó chúlraí éagsúla, ó gach cumas agus ón mbonn geografach is leithne is féidir as measc Bhallstáit AE.

Chun comhionannas inscne a chur chun cinn, spreagann an Ghníomhaireacht iarratais ó mhná go háirithe.

Is féidir cúnamh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas le linn an nós imeachta earcaíochta.

---

([10]) IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62 Téacs comhdhlúite https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).